



NUAHT SCOIL MOLÓGA



AD TOTAM PERSONAM

12 Mí na Nollag 2016



Bhí ócáid mhór againn sa scoil Dé hAoine seo caite nuair a lasadh na soilse ar an gcrann Nollag. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le Cairde Mológa as an obair ar fad a rinne siad.

We would like to thank Cairde Mológa for all the work that they have done during the year and especially for organising the Crann Nollag for us.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh chomh maith le Múinteoir Treasa as an obair ar fad a rinne sí san oifig le cúig seachaine anuas.

Setanta, Cíara agus Róisín ag canadh ag Lasadh na Soilse

Páistí don scoilbhliain 2016/2017

Clárú Páistí

Iarrann muid ar thuismitheoirí a dhéanamh cinnte de go bhfuil ainm gach deartháir agus deirfiúr againn don scoilbhliain seo chugainn 2016/2017. Cuir ar an eolas muid chomh maith mura bhfuil sé i gceist agat páiste atá cláraithe don bhliain sin a chur ar scoil an bhliain seo chugainn. Tá sé tábhachtach deartháireacha/deirfiúracha nua a chlárú a luaithe agus is féidir. Ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig runaiscoilmologa@gmail.com

We would ask parents to make sure that all siblings that they intend to send to Scoil Mológa in the school year 2016/2017 are registered with the school. It is equally important to inform us if it is not your intention to send a child on this list to school next year. Please ensure that new siblings are registered without delay. Please email Áine at runaiscoilmologa@gmail.com.

Ranganna Gaeilge

Beidh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, ag leanúint ar aghaidh tar éis na Nollag ar an Luan, 16 Mí Eanáir má bhíonn an t-éileamh ann.

The Ranganna Gaeilge (Irish classes) for adults will begin again on Monday, 16th January as long as there is a demand. All welcome... regardless of standard of Gaeilge.

Suíomh Idirlín na Scoile



Beidh suíomh nua idirlín na scoile le seoladh an tseachtain seo. Rud nua amháin atá ann ná Féilire Google. Is féidir é seo a íoslódáil i do chuntas Gmail féin.

Our new website will be launching this week. One of the new features is the Google Calendar which you can sync with your own Gmail calendar.

Cúrsaí Spóirt:

Ní bheidh aon traenáil camógaíochta/iomána ann tar éis na scoile go dtí Mí Eanáir. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na múinteoirí ar fad a chabhraigh leis an spórt i rith na bliana.

Hurling and Camogie training has now finished for the year and will resume in January. We would like to take this opportunity to thank all the teachers that helped out with the sport during the year.

Ranganna breise

Tá deireadh an téarma do ranganna breise ag druidim linn. Seo iad na dátaí deireanacha *Extracurricular classes are shortly coming to an end for this term. Here are the dates of the final classes:*

Tae Kwon Do Dé Luain 12/12/2016

Rince Dé Luain 19/12/2016

Dráma R1 - R2 Dé Céadaoin 14/12/2016

Veidhlín Dé Céadaoin 14/12/2016

Ealaíon Déardaoin 15/12/2016



Beidh athchlárú ag tús Mí Eanáir 2017.

Drámaí na Nollag

Beidh dráma na Nollag Rang na Naíonán Beag ar siúl ar 10.15 r.n Dé Máirt, 20 Nollaig sa Seomra Tionóil agus beidh dráma na Naíonán Mór ar siúl ina dhiaidh ar 11.15 r.n sa Seomra Tionóil chomh maith. Beidh gnáthlá scoile ag na naíonán an lá sin.

Naíonáin Bheaga will have their drama at 10.15am on Tuesday, 20th December 2016, sa Seomra Tionóil and Naíonáin Mhóra's Dráma will follow at 11.15am. This will be a normal school day for the naíonáin (8.50-1.30pm).



Drámaí na Naíonán Mór

Bígí cinnte éadaí feistis a sheoladh isteach i mála, a bhfuil ainm an pháiste air roimh an gCéadaoin seo, 14 Nollaig mar a bhí sa litir a seoladh amach.

Please ensure that each child has their clothes for the drama by this Wednesday, 14 Nollaig.

Aistear

Beidh ranganna Naí Bheaga & Naí Mhóra an-ghnóthach le téama Aistear, Siopa Bréagáin Dhaidí na Nollag. Tá an tinteán réidh chun na stocáí a chrochadh suas, tá na síofra an-chúramach ag tógáil orduithe ar an bhfón chun na bréagáin a dhéanamh, tá na síofra ag bailiú litreacha ó na boscaí poist speisialta atá do litreacha Dhaidí na Nollag timpeall an domhain agus agus a lán lán eile le déanamh fós!

N.Bheaga & N.Mhóra will be very busy with Aistear theme, Santa's workshop. The fireplace is ready in order to hang stockings, the elves are very busy taking orders over the phone to make toys, the elves are collecting letters from the special post boxes all around the world and there is a lot more to be done!





Cuairteoirí sa Ghruaig

Iarraimid oraibh gruaig na bpáistí a cheangail suas má tá gruaig fhada orthu.

Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil cuairteoirí sa ghruaig ag cúpla páiste sa scoil cheana féin. Iarraimid ar thuismitheoirí gruaig a gcuid páistí a sheiceáil anocht. Ní hamháin gur gá an ghruaig a chioradh agus is gá an seampú speisialta a úsáid chomh maith.

We ask you to please to tie up children's hair if they have long hair.

It has come to our attention that some of the children have unwelcome visitors in their hair already. We would ask all parents to check their child's hair, with a fine comb, tonight. If the visitors are present it will be necessary to use a special shampoo to ensure that they disappear for good



Do bhí lasadh oifigiúil Chrann Nollag Scoil Mológa ann ar an 9 Nollaig. Do sheinn na daltaí feadóga agus chan siad carúil. Tarraingíodh ainm le Ruairí Watkins, R 1 as an hata chun an crann a lasadh.

The official lighting of the Christmas tree took place on the 9th December. Ruairí Watkins name was drawn in order to light the tree.